

SIAMSÁN SA MBAILE!

Aimsigh an focal

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Sa Bhaile' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Treoracha: Cuir an chéad litir de na freagraí uile i ndiaidh a chéile le theacht ar fhocal a bheadh agat sa bhaile!

Nuair atá tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 5 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhán dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

- Tugann sí bainne dúinn.
- Bhí cónaí uirthi i dtúr agus bhí gruaig an-fhada uirthi.
- Cuirtear ar arán é.
- Bím ag taisteal ar scuab.
- Tá seo ag fás sa pháirc agus itheann an t-eallach é
- Ainmhí mé le cluasa móra agus srón fhada.
- Bíonn seo istigh sa sparán.
- Titeann sé mar bhrat bán sa Gheimhreadh.
- Focal eile ar 'bord'
- Áit a mbíonn cuid mhór eitleán le feiceáil.

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta